An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Art Abú Dúrún Dhonnabháin

David de Thuin



Ábhar Tacaíochta don Seomra Ranga

Eolas faoin Leabhar:

An tÚdar agus An Maisitheoir:

Is ealaíontóir grafaic ón mBeilg é David De Thuin. Tá go leor leabhar agus úrscéalta grafacha scríofa aige do pháistí agus do dhéagóirí agus tá an-suim aige in ainmhithe, in eachtráin agus i saol daoine óga agus is maith leis a bheith ag cumadh scéalta fúthu sin.

Clúdach an Leabhair

Sula léann tú an blurba ar an gclúdach, féach ar an bpictiúr ar an gclúdach tosaigh. Cad é ábhar an scéil seo, dar leat?

Léigh an cur síos atá ar chúl an leabhair. An leor an blurba sin le tuiscint a thabhairt do léitheoirí ar ábhair an leabhair?

Cén cineál scéil a bhfuil tú ag súil leis? Scéal greannmhar? Scéal eachtrúil? Scéal leadránach?

Scéalta Grafacha/ Greannáin

Is úrscéal grafach é an scéal seo. An bhfuil úrscéalta grafacha eile léite agat i nGaeilge, i mBéarla, nó i dteanga eile? Cad iad? Ar thaitin siad leat?

Faoin Leabhar:

Is scéal grafach é Art Abú Dúrún Dhonnabháin faoi bhuachaill óg darbh ainm Art.

Téamaí an Leabhair:

Misneach: Is buachaill misniúil é Art - is mian leis teacht ar thaisce Dhonnabháin agus níl eagla air dul faoi thalamh, faoin dorchadas, faoin gcoill ná níl eagla air roimh thaibhsí.

Cairdeas: Tá cairdeas agus caidreamh an-dearfach idir Art agus Eoin, is cairde maithe iad agus réitíonn an bheirt acu go maith le chéile. Socraíonn an bheirt acu dul ar thóraíocht taisce agus tugann an bheirt acu aire dá chéile.

Tóraíocht Taisce: Cuireann Art suim i scéal an Dochtúir Uí Dhonnabháin agus taitníonn sé leis dul i mbun eachtraíochta agus iarracht a dhéanamh leideanna a leanúint, smaoineamh agus machnamh a dhéanamh ar leideanna agus gach iarracht a dhéanamh aon mhistéir a réiteach.

I gClós na Scoile ar Maidin (lgh. 3-6)

Cúpla ceist faoin téacs:

Cén fáth a dtéann Art go dtí an leabharlann?

Cad atá ar eolas ag Art faoin Dr Donnabhán?

Le plé sa rang:

Cén t-ainm atá ar do scoil? An bhfuil aon eolas agatsa faoi gcúis go bhfuil an t-ainm sin ar do scoil?

An gcreideann tú an píosa a scríobh an Dr Donnabhán, 'Téigh leis an fhéith, go dtí go mbeidh, tú ag croí na scamhóige. Ansin téigh ar chlé go humar na haimléiseg. Bí cróga, bí réidh is ní fada go mbeidh tú i seilbh na taisce a thaitníonn go glé'?

Sa Seomra ranga ar Maidin (lgh. 7-8)

Cúpla ceist faoin téacs:

Cad é do mheas ar an dán a chum Brídín Bheag Ní Bheoláin?

Le plé sa rang:

An maith leatsa a bheith ag cumadh dánta? An dtaitníonn filíocht leat? Cad é an dán is fearr leat?

Ag Cúléisteacht ag Oifig na hArdmháistreása (lgh. 9-10)

Cúpla ceist faoin téacs:

Cad a chloiseann Ard agus Eoin agus iad lasmuigh d'oifig an phríomhoide?

Cén fáth a dtaitníonn an scéal seo le hEoin?

Sa Leabharlann (lgh. 11-12)

Cúpla ceist faoin téacs:

Cén leabhar a ghoideann Art ón leabharlann?

Cad atá i gceist aige a dhéanamh?

Sa Bhaile i dTeach Airt (lgh. 13-17)

Cúpla ceist faoin téacs:

Cén chomhairle atá ag máthair Airt?

Cad a deir athair Airt faoin taisce?

Ar ais ar Scoil (lgh. 18-22)

Cúpla ceist faoin téacs:

Cad a deir an taibhse le hArt agus le hEoin?

Cén bealach éalaithe atá ag Art agus Eoin?

An Choill (ltgh.23-28)

Cúpla ceist faoin téacs:

Cad atá le feiceáil sa choill?

An bhfuil ag éirí le hArt agus le hEoin teacht ar an taisce?

Pasáistí faoin Scoil agus Oifig na hArdmháistreása (lgh 29- 39)

Cúpla ceist faoin téacs:

Cá háit ar tháinig Art agus Eoin ar thaisce an Dr Donnabháin?

Cé chomh fada is a bheidh an scoil in ann fanacht ar oscailt?

Cé hé Conall Óg Mac Chonaill Óig?

An Choill (lgh. 40-43)

Cúpla ceist faoin téacs:

Cá háit a raibh fíorthaisce Dhonnabháin?

'Tá todhchaí na scoile slán'. Déan cur síos ar mhothúcháin na gcarachtar.

Cén bronntanas a thugtar d'Art ag deireadh an scéil?

Sa Seomra Ranga

1. **Féach Aguisín a hAon.** Is féidir leatsa anois lgh. 1-5 a scríobh amach duit féin agus do rún féin a chumadh agus tóraíocht taisce a dhéanamh!
2. **Aimsigh na difríochtaí.** Féach ar na pictiúir agus aimsigh 10 ndifríocht idir na pictiúir.
3. **Scríbhneoireacht Chruthaitheach:** Samhlaigh gur tusa Art; scríobh liosta mianta amach le haghaidh na scoile. Smaoinigh ar na rudaí áille ba mhaith leat a cheannach do do scoil dá mbeadh airgead mór le caitheamh agat.

4. **Scríbhneoireacht Chruthaitheach:** Samhlaigh gur tusa Art; scríobh cur síos ar an lá a bhí agat agus tú ag teacht ar an taisce. Bain úsáid as do chuid céadfaí (chuala mé, chonaic mé, mhothaigh mé, bhlais mé, bholaigh mé).
5. **Teangacha!** Féach ar na leathanaigh atá in aguisín 2. Seo Art i mBreatnais. Léigh an leagan seo agus déan iarracht na focail a aistriú go Gaeilge. Tabhair faoi deara na gnéithe seo a leanas: patrúin, focail chomónta, struchtúr na n-abairtí, aon rud eile? Déan plé orthu.